An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Scileanna Saoil

## Aonad Tosaíochta Foghlama (ATF)

## Dréacht le haghaidh comhairliúcháin

# Scileanna Saoil

Le *Scileanna Saoil* an Aonaid Foghlama Tosaíochta, dírítear ar inniúlachtaí agus scileanna idirphearsanta an scoláire a chothú chun tacú lena thuras nó lena turas trí oideachas. Tá sé dírithe ar a chumasú don scoláire straitéisí a fhorbairt chun é nó í féin agus a chuid nó a cuid foghlama a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí agus na straitéisí sin a chur i bhfeidhm maidir le réimsí difriúla dá shaol nó dá saol laethúil. Cuirtear béim ar leith ar neamhspleáchas an scoláire a spreagadh, agus léirítear sin trína rannpháirteachas le gníomhaíochtaí seomra ranga, scoile agus pobalbhunaithe.

*Tá rannpháirteachas le gníomhaíochtaí ar an meán trína mbaineann an scoláire na torthaí foghlama amach. Ba cheart do mhúinteoirí féachaint le réimse gníomhaíochtaí a sholáthar más féidir. Ba cheart don scoláire páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí aonair agus mar chuid de ghrúpa nó foireann.*

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **1. Spriocanna a leagan síos** | 1.1 Spriocanna pearsanta a leagan síos.<br>1.2 Plean foghlama pearsanta a chruthú lena n-áirítear na céimeanna agus an t-achar ama is gá chun a spriocanna pearsanta a bhaint amach.<br>1.3 Duine amháin a shainaithint a d'fhéadfadh tacú leis nó léi chun a spriocanna a bhaint amach.<br>1.4 An plean a chur i bhfeidhm laistigh d'achar ama comhaontaithe.<br>1.5 Plé a dhéanamh ar dhúshláin fhéideartha a fhéadfaidh teacht chun cinn le linn an plean a chur i bhfeidhm agus fiosrú a dhéanamh ar bhealaí inar féidir na dúshláin sin a shárú.<br>1.6 Machnamh a dhéanamh ar conas a d'fhéadfaí a chuid nó a cuid dul chun cinn a choinneáil nó a fheabhsú. |
| **2. Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus machnamh a dhéanamh orthu** | 1.7 A chuid nó a cuid ábhar spéise, láidreachtaí, scileanna, buanna agus gníomhaíochtaí fóillíochta a aithint agus a chur in iúl.<br>1.8 Plé a dhéanamh ar na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le tabhairt faoi ghníomhaíochtaí mar fhoireann nó mar dhuine aonair. |

| | |
|---|---|
| | 1.9 Gníomhaíocht fóillíochta, obair nó gníomhaíocht, ina gcuireann sé nó sí spéis, a shainaithint agus a phlé.<br>1.10 Taighde a dhéanamh ar eolas ábhartha chun cuidiú le gníomhaíocht a phleanáil agus le bheith rannpháirteach inti.<br>1.11 Ról sonrach a ghlacadh i ngníomhaíocht agus freagrachtaí atá nasctha leis an ról a shainaithint.<br>1.12 Eochairfhocail a bhaineann le gníomhaíocht a úsáid go cuí.<br>1.13 Punann a chur le chéile chun a chuid nó a cuid gníomhaíochtaí a eagrú agus a thaifeadadh.<br>1.14 Aiseolas cuiditheach a thabhairt agus a fháil ar a chuid nó a cuid dul chun cinn.<br>1.15 Machnamh a dhéanamh ar na príomhchéimeanna a rinneadh chun na gníomhaíochtaí sin a chur i gcrích. |
| **3. Feasacht ar shláinte agus sábháilteacht a fhorbairt** | 1.16 Samplaí a thabhairt de chleachtais shábháilte laistigh de phobal na scoile agus feasacht a fhorbairt ar an tábhacht atá le réamhchúraim shláinte agus shábháilteachta i suíomhanna éagsúla agus/nó le linn gníomhaíochtaí.<br>1.17 Siombailí sábháilteachta a shainaithint agus a thuiscint.<br>1.18 Uirlisí, ábhair agus/nó trealamh a úsáid go sábháilte i suíomhanna éagsúla agus/nó le linn gníomhaíochtaí.<br>1.19 Eolas a fháil ar na nósanna imeachta difriúla le haghaidh sábháilteacht phearsanta i suíomhanna éagsúla agus/nó le linn gníomhaíochtaí.<br>1.20 A léiriú conas cabhair a lorg in éigeandáil laistigh agus lasmuigh den scoil.<br>1.21 Na bealaí éalaithe dóiteáin a shainaithint i scoil chomh maith leis an bpointe tionóil i gcás éigeandála agus taithí a fháil ar dhruil dóiteáin. |
| **4. Aistrithe a bhainistiú** | 1.22 Aistriú go rathúil ó shuíomh go chéile.<br>1.23 Cásanna a fhéadfaidh a bheith ina gcúis le strus a shainaithint agus plean a chruthú chun an méid sin a bhainistiú.<br>1.24 Príomhbhaill foirne agus comhscoláirí a shainaithint chun bheith mar chuid dá líonra tacaíochta.<br>1.25 Straitéisí a shainaithint lena dtacaítear le féinrialúchán. |

| | |
|---|---|
| | 1.26 Réimsí sábháilte a shainaithint is féidir a úsáid chun féinrialú a dhéanamh.<br>1.27 Turas chuig suíomh difriúil a leagan amach, agus na príomhchéimeanna á sainaithint chun an turas a chur i gcrích go rathúil. |

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment